Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11843/23**
**ADD 1**

**DRS 41**
**ECOFIN 776**
**EF 235**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 11 Iúil 2023 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Ábhar: | Dliteanas léasa i nDíolachán agus in Aisléasú<br>Leasuithe ar IFRS 16 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad IARSCRÍBHINN a ghabhann le D090395/01.

---

Faoi iamh: IARSCRÍBHINN a ghabhann le D090395/01

**GA**

**D090395/01**

# IARSCRÍBHINN

## Dliteanas léasa i nDíolachán agus in Aisléasú

## Leasuithe ar IFRS 16

## Leasuithe ar *Léasanna* IFRS 16

Cuirtear míreanna 102A, C1D agus C20E leis agus leasaítear mír C2. Cuirtear ceannteideal nua roimh mhír C20E.

## Idirbhearta díola agus aisléasaithe

...

### Measúnú a dhéanamh ar cé acu an díolachán é aistriú na sócmhainne nó nach ea

...

#### Is díolachán é aistriú na sócmhainne

...

102A Tar éis an dáta tosaigh, déanfaidh an díoltóir-léasaí míreanna 29–35 a chur i bhfeidhm maidir leis an tsócmhainn lena ngabhann ceart úsáide a eascraíonn as an aisléasú agus míreanna 36–46 a chur i bhfeidhm maidir leis an dliteanas léasa a eascraíonn as an aisléasú. Agus míreanna 36–46 á gcur i bhfeidhm, cinnfidh an díoltóir-léasaí 'íocaíochtaí léasa' nó 'íocaíochtaí léasa athbhreithnithe' ar bhealach nach n-aithneodh an díoltóir-léasaí aon mhéid den ghnóthachan nó den chaillteanas a bhaineann leis an gceart úsáide arna choinneáil ag an díoltóir-léasaí. Trí na ceanglais sa mhír seo a chur i bhfeidhm, ní chuirtear cosc ar an díoltóir-léasaí aon ghnóthachan nó aon chaillteanas a bhaineann le foirceannadh páirteach nó iomlán léasa a aithint i mbrabús nó i gcaillteanas mar a cheanglaítear le mír 46(a).

...

## Foscríbhinn C
## Dáta éifeachtach agus aistriú

### Dáta éifeachtach

...

C1D Le *Dliteanas Léasa i nDíolachán agus in Aisléasú*, a eisíodh i mí Mheán Fómhair 2022, leasaíodh mír C2 agus cuireadh míreanna 102A agus C20E leis. Cuirfidh an díoltóir-léasaí na leasuithe sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí tuairiscithe bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh sin. Ceadaítear cur i bhfeidhm níos luaithe. Má chuireann díoltóir-léasaí na leasuithe sin i bhfeidhm le haghaidh tréimhse níos luaithe, nochtfaidh sé an méid sin.

### An tAistriú

C2 Chun críocha na gceanglas i míreanna C1–C20E, is é dáta an chur i bhfeidhm tosaigh tús na tréimhse tuairiscithe bliantúla ina gcuireann eintiteas an Caighdeán seo i bhfeidhm den chéad uair.

...

#### Dliteanas Léasa i ndíolachán agus in aisléasú

C20E Cuirfidh díoltóir-léasaí *Dliteanas Léasa i nDíolachán agus in Aisléasú* (féach mír C1D) i bhfeidhm go cúlghabhálach i gcomhréir le IAS 8 maidir le hidirbhearta díola agus aisléasaithe a dhéantar tar éis dháta an chur i bhfeidhm tosaigh.